Na bainc i bponc

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi chóras baincéireachta nua a chruthú. Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

1. chairperson _____
2. policy _____
3. value of shares _____
4. the euro zone _____
5. restructuring _____
6. the banking sector _____
7. backup _____
8. resources _____
9. stable _____
10. reform _____
11. credit rating agency _____
12. downgrading _____
13. index number _____

Ceist 2 Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh i gceist 1 thuas.

Ceist 3 Anois éist leis an tuairisc don dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cad a dúirt an tAire Airgeadais faoin chúnamh airgid agus na bainc?
2. Cad í an tuairim a léirigh Alan Dukes faoin bheartas baincéireachta?
3. Cén bhaint atá ag an ghníomhaireacht rátála creidmheasa, Moody's, leis an scéal?
4. Cad iad na sonraí a tugadh faoi scaireanna na n-institiúidí seo a leanas?

AIB agus *Banc na hÉireann*

Ceist 4 '…**i gcomhair** *airgid*…'

(a) Cén téarma gramadaí a thugtar an na focail i **gcló dubh** thuas?
(b) Cad is féidir leat a rá faoin fhocal i *gcló iodálach*?
(c) Éist leis an mhír arís agus breac síos aon sampla eile den ghné seo atá le cloisteáil inti.
(d) Cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal atá idir lúibíní sna bearnaí.

- Ní bhfuair mé go leor (eolas) _____ faoin scéal le tuairim ionraic a thabhairt faoi.
- Beidh a lán (airgead) _____ ag teastáil chun an geansaí sin a cheannach.
- Bhí orm dul go dtí an leithreas le linn (an rang) _____.
- Chaith mé mo chuid (am) _____ ag caint leis an duine sin.
- Ná cuir barraíocht (bainne) _____ i do chuid tae nó beidh sé rófhuar.
- Bhí an iomarca (béim) _____ ar na pointí diúltacha sa tuairisc.

Ceist 5 Líon na bearnaí thíos sa script leis an fhoirm cheart den bhriathar saor.

Mar chuid den iarratas i gcomhair airgid a rinne an rialtas inné, (fógair) _____ go (tá) _____ chun athstruchtúrú a dhéanamh ar an earnáil bhaincéireachta. Dúirt an tAire Airgeadais inné go mbeadh suim mhór airgid i gceist ach nach dócha go (bí) _____ ag baint úsáide as an méid iomlán. Dúirt Brian Lenihan gur cúltaca a bheadh ann do na bainc chun a léiriú do na margaí go bhfuil a ndóthain acmhainní taobh thiar díobh.

Éist leis an mhír arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 6 Seo thíos focail a bhí le cloisteáil sa tuairisc agus focail eile atá cosúil leo ó thaobh litrithe nó fuaimnithe de. An féidir leat féin agus an duine in aice leat iad a chur in abairtí a léireodh a gciall?

1.	luach	lua
2.	i gcomhair	i gcóir
3.	céad	cead
4.	caill	cáil

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 agus **Ceist 2**

1. chairperson	*cathaoirleach*
2. policy	*beartas*
3. value of shares	*luach scaireanna*
4. the euro zone	*limistéar an euro*
5. restructuring	*athstruchtúrú*
6. the banking sector	*an earnáil bhaincéireachta*
7. backup	*cúltaca*
8. resources	*acmhainní*
9. stable	*seasmhach*
10. reform	*athchóiriú*
11. credit rating agency	*gníomhaireacht rátála creidmheasa*
12. downgrading	*íosghrádú*
13. index number	*treoiruimhir*

Ceist 3

1. Dúirt an tAire Airgeadais inné go mbeadh suim mhór airgid i gceist ach nach dócha go mbeifear ag baint úsáide as an méid iomlán. Dúirt Brian Lenihan gur cúltaca a bheadh ann do na bainc le léiriú do na margaí go bhfuil a ndóthain acmhainní taobh thiar díobh.
2. Tá Alan Dukes den bharúil gur cheart beartas láidir cinnte a dhéanamh anois le dul i ngleic leis an chóras baincéireachta, gur cheart an t-airgead ar fad a úsáid chun beartas a chruthú a thabharfadh seasmhacht don chóras.
3. Tá Moody's chun íosghrádú a dhéanamh ar fhiacha flaithiúnais na hÉireann de bharr cúnamh airgid a bheith ar fáil ón Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF).
4. Bhí scaireanna in AIB thíos naoi faoin gcéad agus chaill scaireanna Bhanc na hÉireann luach fiche faoin gcéad.

Ceist 4

(a) Réamhfhocal comhshuite.
(b) Tá an focal 'airgead' sa tuiseal ginideach, uimhir uatha.
(c) Le linn, i dtreo, i measc.
(d) Ní bhfuair mé go leor **eolais** faoin scéal le tuairim ionraic a thabhairt faoi.
Beidh a lán **airgid** ag teastáil chun an geansaí sin a cheannach.
Bhí orm dul go dtí an leithreas le linn **an ranga**
Chaith mé mo chuid **ama** ag caint leis an duine sin.
Ná cuir barraíocht **bainne** i do chuid tae nó beidh sé rófhuar.
Bhí an iomarca **béime** ar na pointí diúltacha sa tuairisc.

Ceist 5
Mar chuid den iarratas i gcomhair airgid a rinne an rialtas inné, **fógraíodh** go **bhfuiltear** chun athstruchtúrú a dhéanamh ar an earnáil bhaincéireachta. Dúirt an tAire Airgeadais inné go mbeadh suim mhór airgid i gceist ach nach dócha go **mbeifear** ag baint úsáide as an méid iomlán. Dúirt Brian Lenihan gur cúltaca a bheadh ann do na bainc chun a léiriú do na margaí go bhfuil a ndóthain acmhainní taobh thiar díobh.

Ceist 6
1. Luach – value / lua – mention, citation, reference
2. i gcomhair – for, to get / i gcóir – proper condition, in order
3. céad – hundred / cead – permission
4. caill – to lose / cáil – reputation

Éimear Ní Chonaola
Tá sé ráite ag cathaoirleach Bhanc Anglo Irish, Alan Dukes, gur cheart beartas láidir cinnte a chur i bhfeidhm go luath le buntaca a thabhairt don chóras baincéireachta anseo. Thit luach scaireanna san Eoraip inniu mar go bhfuil amhras fós ann go dtarlóidh géarchéim airgeadais i dtíortha eile i limistéar an euro.

Mícheál Ó Leidhin
Mar chuid den iarratas i gcomhair airgid a rinne an rialtas inné, fógraíodh go bhfuiltear chun athstruchtúrú a dhéanamh ar an earnáil bhaincéireachta. Dúirt an tAire Airgeadais inné go mbeadh suim mhór airgid i gceist ach nach dócha go mbeifear ag baint úsáide as an méid iomlán. Dúirt Brian Lenihan gur cúltaca a bheadh ann do na bainc chun a léiriú do na margaí go bhfuil a ndóthain acmhainní taobh thiar díobh.
Le linn comhdhála inniu, dúirt cathaoirleach Bhanc Anglo Irish, Alan Dukes, go bhfuil cúis ag an rialtas an beart iomlán airgid a úsáid. Beartas láidir cinnte a theastaíonn go luath, a dúirt sé, a thabharfadh seasmhacht d'aon chineáil córais[i] nua.

Alan Dukes, Cathaoirleach, Banc Anglo Irish
I mo thuairimse, ní mór dúinne cinneadh ceart amháin a dhéanamh anois. Agus, rud éigin a dhéanamh a bheidh mór go leor le bheith fiúntach i dtreo is go mbeidh tionchar seasmhach aige ar an gcóras. Tá seans againn anois athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras agus ba chóir dúinn rud seasmhach a dhéanamh.

Mícheál Ó Leidhin
Idir an dá linn, dúirt an ghníomhaireacht rátála creidmheasa, Moody's, gur dócha go ndéanfaidh siad íosghrádú ar fhiacha flaithis (flaithiúnais) na hÉireann mar gheall ar an mbeartas ón IMF. Cé gur éirigh go maith le treoiruimhir ISEC ar maidin bhí scaireanna thíos a haon ponc a ceathair faoin gcéad um thráthnóna. Bhí scaireanna in AIB thíos naoi faoin gcéad agus chaill scaireanna Bhanc na hÉireann luach fiche faoin gcéad. Agus tá amhras ann i gcónaí i measc infheisteoirí nach gcuirfidh an chabhair airgid seo deireadh leis an ngéarchéim fiacha i limistéar an euro. Dá bharr sin, fágadh margaí san Eoraip thíos freisin.
Mícheál Ó Leidhin, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath.

[i] *chórais* a deirtear